Mairg do-chonnairc ceann Fiachaidh

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 42]

Domhnall Mac Eochadha .cc.

1 Mairg do-chonnairc ceann Fiachaidh
do dhíoth an fhéil óirsciathaigh;
bheith d’easbuidh a chuirp dá cheann
do dheasguibh uilc na hÉireann.

2 Mairg mairg do-chonnairc a chorp
ar díoth chinn mar do-chonnarc!
dob fhearr dall an rosc roimhe,
cosc ní ham dom eólchoire.

3 Mairg riamh ar a raibhe an chos
rug mé san áit ar fhéachos
mo sciath a ttráth a thurbhuidh
a nÁth Cliath ’na cheathrumhnaibh.

4 Mairg do osguil an abhra
tug orm an ceann cathardha,
an lúdh gan anam d’fhaiscin,
nó an chalann úr ordhairc-sin.

5 Mairg ’gá raibh an chluas ré [a] gclas
scél a bháis an t-am fhuaras;
do bheadhg am chliabh mo chroidhe,
’s do shearg ciall ar gcollai-ne.

6 Mairg do bhraith, gi-bé as cionntach,
mac Aodha, an triath toirbhiortach;
fearg Dé ar an tí lé [a] ttorchuir
an té budh rí ar Raghnallchaibh.

7 Mairg tuaith is creachadh cille
toisg cinn mheic meic Duirinne
go cúirt roighil suairc Sasan;
doiligh a chuairt chuca-san.

8 Mairg nách faghann mar a bhfuil,
cóir gaoithe agus uain arthruigh
do-bhéaradh sinn go Sagsuibh
d’fhéghadh chinn an churadh-sain.

9 Mairg tarla mur do tharla
ord fileadh fóid fionnBhanbha
fá theann eachtrann ’na easbhuidh,

an ceann dearcmhall déidgheal-soin.

10 Mairg dá fhine do fhuirigh
beó dá éis dá fhiafraighidh,
cia bhus díon dún ’na dheaghuidh
do shíol a ghlún ngeinealaigh.

11 Mairg oile dá n-uair misi,
ní hé as crádh don chroidhi-si,
crádh damh-sa mar gach nduine
’s dá lán m’annsa is m’ionmhuine.

12 Mairg as mó dhúinne ná díoth
ceann Fiachaidh nár ob eissíoth,
cliath fhasgaidh na ndruadh ag dul
a n-asgoidh lé sluagh Sacsan.

13 Mairg dhíbh nách n-aghann ar-ís
do neamhthoil Ghall ’s an ghiúisdís,
ní sia [a] chalann, dámadh cead
ó Dhia a anam ar aiseag

14 A ndíol a bhfríoth lé Fiachaidh
d’fhuasgladh giall ó Ghailltriathoibh
fríoth bráighe ghill lé Galluibh;
scáile a chinn do-chonncamair.